# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2023

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Stair

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2023

# SCÉIM MHARCÁLA

# STAIR
# An Nua-Aois Déanach

# ARDLEIBHÉAL

## Nótaí mínithe/Giorrúcháin a bhaineann leis an marcáil ar líne

| Siombail | Cur síos | Arna Léiriú |
|---|---|---|
| [ ] | Lúibíní cearnógacha | Léiríonn siad tús agus deireadh an ailt ar cheart Marcanna Carnacha (MCanna) a bhronnadh dóibh. |
| ✓ | Tic (bán) | Bailí/ceart/ábhartha/le tuillteanas<br>(ní bhronntar aon mharc ar thic bán) |
| 0 | Náid | Náid bronnta |
| ✓5 | Tic le huimhir | Tic le luach na marcanna bronnta<br>(m.sh. 5 mharc). |
| P5 | Barraíocht marcanna ailt | Nuair atá an marc ab airde MCanna incheadaithe bronnta ar fhreagra, bronnfar marcanna measta ar aon ábhar breise le luach náid i gceist (m.sh. 5 “mharc”). |
| ✗ | Cros/X | Neamhbhailí/mícheart/neamhábhartha. |
|  | Ceartingearach corrach | Leathanach/roinn feicthe ag an scrúdaitheoir. |
| INVL | Neamhbhailí | Léiríonn sé gur baineadh triail as meascán neamhbhailí de cheisteanna (m.sh. trí cheist ón topaic céanna). |
| 10 | Lúide marc | Má tugadh faoi mheascán neamhbhailí ceisteanna, tógfar na marcanna ón bhfreagra neamhbhailí a ghnóthaigh an scór is ísle agus baintear iad ó na marcanna iomlána agus úsáid á baint as nótaí mínithe an chomhartha lúide (e.g. -10 marc). Cuirfear na marcanna seo ar an líne choigeartaithe (**ADJ**) ag bun phainéal na marcála. |
| **NR** | Gan aon Fhreagra | Níor freagraíodh an cheist. |
| **ADJ** | Coigeartú | Coigeartú curtha i bhfeidhm má tugadh faoi mheascán neamhbhailí ceisteanna. |

***TUARASCÁIL AR AN STAIDÉAR TAIGHDE (TST)***
***(100 marc)***

***LÉIGH GACH RUD SULA MARCÁLANN TÚ AON NÍ!***

**PLEAN IMLÍNEACH (15 mharc)**

Foinsí a lua = 6 mharc Gnéithe eile = 9 marc

**Foinsí a lua**

Iarrtar trí fhoinse cuí a lua.

Gach foinse chuí a lua go cruinn = 2 mharc

**Údar + teideal amháin = 1 mharc**

**Mír eolais breise air sin mar fhianaise (m.sh.: foilsitheoir, dáta) = 1 mharc**

2 mharc x 3 = 6 mharc ar a mhéad le haghaidh trí fhoinse

N.B. 'Ní ghlacfar le gnáth-théacsleabhair scoile mar fhoinsí oiriúnacha chun críche an staidéir taighde.' RO/CNCM *Treoirlínte*, lch 14.

**Sainigh agus tabhair údar ar an ábhar staidéir atá molta agus na haidhmeanna agus an cur chuige atá beartaithe a aithint.**

An leagann an t-iarrthóir amach go soiléir an t-ábhar a bhfuil sé i gceist acu staidéar a dhéanamh air agus cén fáth? An leagann an t-iarrthóir amach aidhmeanna an staidéir agus an chaoi ar dóigh go mbainfear amach iad?

Maidir leis na trí chritéar, cé chomh maith is a éiríonn leis an iarrthóir an méid sin a dhéanamh go soiléir agus go stuama?

| ***Sainigh agus údar a thabhairt*** (uasmharc = 3 mharc) | ***Aidhmeanna a aithint*** (uasmharc = 3 mharc) | ***Cur chuige a aithint*** (uasmharc = 3 mharc) |
|---|---|---|
| An-mhaith = 3 | An-mhaith = 3 | An-mhaith = 3 |
| Maith = 2 | Maith = 2 | Maith = 2 |
| Réasúnta = 1 | Réasúnta = 1 | Réasúnta = 1 |

**MEASTÓIREACHT AR NA FOINSÍ (25 mharc)**

Tagairt a dhéanamh do láidreachtaí agus/nó laigí na bhfoinsí agus léargas a thabhairt ar an mbaint atá ag na foinsí leis an ábhar.

Cé chomh maith is a éiríonn leis an iarrthóir an méid sin a dhéanamh go soiléir agus go stuama?

| | |
|---|---|
| Tagairt do GACH CEANN DE NA TRÍ fhoinse | ***Sármhaith:*** 22-25 marc<br>***An-mhaith:*** 17-21 marc<br>***Maith:*** 13-16 mharc<br>***Réasúnta:*** 9-12 mharc<br>***Lag:*** 0-8 marc |
| Gan ann ach tagairt do DHÁ fhoinse | ***Sármhaith:*** 15-17 marc<br>***An-mhaith:*** 12-14 mharc<br>***Maith:*** 9-11 mharc<br>***Réasúnta:*** 6-8 marc<br>***Lag:*** 0-5 mharc |
| Gan ann ach tagairt d'AON fhoinse amháin | ***Sármhaith:*** 8-9 marc<br>***An-mhaith:*** 6-7 marc<br>***Maith:*** 4-5 mharc<br>***Réasúnta:*** 2-3 mharc<br>***Lag:*** 0-1 mharc |

**AISTE FHADA (60 marc)**

Aiste stairiúil = 50 marc Athbhreithniú ar an bpróiseas taighde = 10 marc

D'fhéadfadh an próiseas taighde a bheith lárnach don aiste nó i láthair mar ghné ar leith.

Ba cheart an aiste stairiúil a mheas mar aonad agus marc as 50 a bhronn mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| ***Eolas stairiúil – 25 marc***<br>Críochnúil<br>cruinn<br>agus ag baint leis an teideal | ***Sármhaith:*** 21-25<br>***An-mhaith:*** 16-20<br>***Maith:*** 11-15<br>***Réasúnta.*** 6-10<br>***Lag***: 0-5 |
| ***Scileanna taighde – 15 marc – Ar nós***<br>Taighde sách domhain léirithe<br>Úsáid na bhfoinsí<br>Plé cóir cothrom ar na ceisteanna | ***Sármhaith:*** 13-15<br>***An-mhaith:*** 10-12<br>***Maith:*** 7-9<br>***Réasúnta.*** 4-6<br>***Lag***: 0-3 |
| ***Cur i Láthair – 10 marc***<br>Litearthacht<br>Comhleanúnachas<br>Struchtúr | ***Sármhaith:*** 9-10<br>***An-mhaith:*** 7-8<br>***Maith:*** 5-6<br>***Réasúnta.*** 3-4<br>***Lag:*** 0-2 |

***Athbhreithniú ar an bpróiseas taighde (10 marc)***

Is féidir é seo a bheith mar chuid neamhspleách nó mar chuid lárnach den aiste.

Ba cheart don scrúdaitheoir athbhreithniú an phróisis taighde a mheas ina iomláine, agus marcanna a bhronnadh mar seo a leanas:

***Sármhaith:*** 9-10
***An-mhaith:*** 7-8
***Maith:*** 5-6
***Réasúnta:*** 3-4
***Lag:*** 0-2

***Roinn 1: CEIST BUNAITHE AR CHÁIPÉISÍ (CBC) (100 marc)***

***1. Léirthuiscint (20 marc)***

| | | |
|---|---|---|
| (a) | Tinte ar lasadh; deatach; baracáidí; go leor slándála i láthair | 5M |
| (b) | Cultacha/maisc agus maidí (3M + 2M) | 5M |
| (c) | Ní raibh an córas séarachais ag obair | 5M |
| (d) | Bhí sí buartha go gceadófaí an t-aon fhíor-iarracht ar rialtas comhroinnte a theip. | 5M |

***2. Comparáid (20 marc)***

(a) Tá an cur síos ar ghníomhartha na ndaoine a thacaigh leis an stailc cosúil le chéile sa dá cháipéis.

D'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith i measc na bpointí:

- Déanann an dá cháipéis cur síos ar an gcaoi ar chuir na daoine a thacaigh leis an stailc isteach go mór ar TÉ. Tá Béal Feirste cosúil le cathair "inar eagraigh arm réabhlóideach éirí amach" (Cáipéis A) nó ina bhfuil an Tuaisceart "trí chéile" (Cáipéis B).
- Léiríonn an dá cháipéis an damáiste/millteanas a bhí mar thoradh ar na daoine a thacaigh leis an stailc. Ach déanann Cáipéis A cur síos ar "cholúin fhada deataigh" thar Bhéal Feirste, luann Cáipéis B an "boladh cliste" mar gheall ar an gcóras séarachais briste.
- Déanann an dá cháipéis cur síos ar na daoine a thacaigh leis an stailc ag tógáil baracáidí ar shráideanna Bhéal Feirste i dtéarmaí cosúla. Deir Cáipéis A go bhfuil baracáidí de "leoraithe, carranna agus rothair goidte" agus tagraíonn Cáipéis B do "charranna agus veaineanna ar fuadaíodh iad".
- Léiríonn an dá cháipéis gur lean na daoine a thacaigh leis an stailc orthu ag tógáil baracáidí agus ag fuadach feithiclí in ainneoin láithreacht slándála mór. I gCáipéis A, labhraíonn na daoine óga ar an mbaracáid leis na saighdiúirí, ach i gCáipéis B, leanann siad orthu "ag briseadh an dlí" agus an t-arm ann.

*Gach cáipéis le marcáil ar scála aistritheach as 5:*
Sármhaith = 5 mharc An-mhaith = 4 mharc Maith = 3 mharc
Réasúnta = 2 mharc Lag = 0-1 mharc

Freagra ag tagairt do cháipéis amháin = 5 mharc ar a mhéad 10M

*(b)* Tugann an dá cháipéis an cur síos céanna ar fhreagairt na bhfórsaí slándála d'iriseoirí a bheith i láthair.

D'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith i measc na bpointí tacaíochta:

- Scríobhann an dá iriseoir go raibh fórsaí slándála i láthair ag na baracáidí/agóidí stailce.
- Taispeánann an dá cháipéis fórsaí slándála ag cur suas le láithreacht iriseoirí, ach ag diúltú freagra a thabhairt ar a gceisteanna/tuairimí.
- I gCáipéis A, croitheann saighdiúir a lámh ar Robert Fisk agus cuardaítear a charr. Tá an saighdiúir "béasach" leis, ach tugann sé neamhaird do thrácht Fisk go bhfuil trucail á fhuadach os a gcomhair agus iarrann sé ar Fisk a cheadúnas a fheiceáil ina áit sin.
- I gCáipéis B, téann O'Leary i dtreo oifigigh airm chun ceist a chur air, cén fáth a bhfuil an t-arm ag seasamh i leataobh agus dronganna Dílseacha ag tógáil baracáidí de charranna agus veaineanna ar fuadaíodh iad. Deir sí gur "chiap" sí agus gur "náirigh" sí an saighdiúir, ach "dhiúltaigh sé freagra a thabhairt", dúirt sé léi "greadadh léi" agus nár bhain sé léi.

*Gach cáipéis le marcáil ar scála aistritheach as 5:*

Sármhaith = 5 mharc  An-mhaith = 4 mharc  Maith = 3 mharc
Réasúnta = 2 mharc  Lag = 0-1 mharc

Freagra ag tagairt do cháipéis amháin = 5 mharc ar a mhéad  10M

***3. Cáineadh (20 marc)***

(a) Féadfaidh iarrthóirí tuairimí dearfacha agus/nó diúltacha a thabhairt ar luach Cáipéis A mar bhunábhar stairiúil.

D'fhéadfadh pointí mar seo a leanas a bheith i gceist:

- Bhí meas ag Robert Fisk mar iriseoir ag tuairisciú do nuachtán tábhachtach i Londain agus chabhraigh a thuairisceoireacht taifead ar imeachtaí a chruthú.
- Is finné súl é Fisk ar imeachtaí tábhachtacha i stair TÉ, agus chonaic sé an méid a bhí ag tarlú i mBéal Feirste le linn stailc Chomhairle Oibrithe Uladh i mí Bealtaine 1974. Tiomáineann sé isteach go Béal Feirste le bheith níos giorra don chomharc.
- Tugann sé cur síos maith ar an tionchar a bhí ag stailc Chomhairle Oibrithe Uladh ar Bhéal Feirste, na "colúin deataigh", na "baracáidí daonna" agus baic bóithre, agus gníomhaíochtaí na ndaoine a thacaigh leis an stailc.
- Cuireann a chuntas ar an gcomhrá idir é féin agus an saighdiúir réadúlacht agus creidiúnacht lena thuairisc.
- Is sliocht é Cáipéis A a bhfuil eagarthóireacht déanta air, áfach, agus bheadh sé suimiúil an t-alt ar fad a léamh le feiceáil an gcuireann Fisk eolas breise leis, ar nós míniú ar an bhfáth a bhfuil na fórsaí slándála ag iompar go cúramach, agus an té a d'ordaigh é.

- D’fhéadfadh roinnt gnéithe áibhéalacha a bheith ann. Déanann sé cur síos ar Bhéal Feirste agus é ag breathnú cosúil le cathair “inar eagraigh arm réabhlóideach éirí amach”, ach ní iompraíonn fir an Chumainn Cosanta Uladh ach maidí.

  *Déan caighdeán an fhreagra a mharcáil ar scála aistritheach as 10 marc:*
  Sármhaith = 9-10 marc An-mhaith = 7-8 marc Maith = 5-6 mharc
  Réasúnta = 3-4 mharc Lag = 0-2 mharc 10M

(b) Féadfaidh iarrthóirí argóint a dhéanamh ar son agus/nó i gcoinne na tuairime go bhfuil doiciméad B oibiachtúil. Déan an freagra a mheas maidir le cáilíocht na bpointí a rinneadh chun tacú leis an tuairim a thugtar.

D’fhéadfadh pointí mar seo a leanas a bheith i gceist:

- D’fhéadfadh an t-iarrthóir iarracht a dhéanamh an méid a thuigeann sé/sí le hoibiachtúlacht a shainiú, e.g. cuntas cothrom a thabhairt ar imeachtaí / iarracht a dhéanamh gach taobh a chur san áireamh / saoirse ó chlaonadh / gan a bheith aontaobhach nó pearsanta / eisiamh mothúcháin nó creideamh pearsanta, etc.
- Dúirt O’Leary go ndearna sí tuairisciú ar imeachtaí i mBéal Feirste sa bhliain 1974 óna taobh de mar “dhuine Éireannach” agus dá bhrí sin, ní foinse oibiachtúil é a cuntas.
- Is tuairim é a ráiteas, “Bhí a fhios agam go raibh mé ag breathnú ar údaráis na Breataine ag ceadú an t-aon fhíor-iarracht ar rialtas comhroinnte i dTuaisceart Éireann imeacht”, a chuireann an locht ar mhuintir na Breataine faoi chliseadh an fheidhmiúcháin a roinneann cumhacht, ach tá fachtóirí eile go bhféadfadh a chur san áireamh.
- Déanann sí cur síos uirthi féin mar a bheith mothúchánach ag an am, “bhí mo bhéal chomh tirim le púdar”, agus bhí sé níos deacra uirthi a bheith oibiachtúil mar thoradh air.
- Déanann sí cur síos ar daoine a thacaigh le stailc Chomhairle Oibrithe Uladh mar “dhrong dílseach”, a thugann breithiúnas diúltach orthu le fios agus dá bhrí sin, gan a bheith oibiachtúil.
- Scríobhtar gach píosa staire ó thuairim duine éigin, tá sé beagnach dodhéanta a bheith go hiomlán oibiachtúil. Tugann O’Leary a thuairim ó thaobh deisceart na hÉireann de isteach sa chuntas, ach déanann sí tuairisciú chomh maith, go fíriciúil, ar imeachtaí ag an am. Bhí an córas séarachais in Hotel Europe as feidhm. Rinneadh baracáidí as carranna agus veaineanna ar fuadaíodh iad. Ní dhearna arm na Breataine aon rud áirithe in aghaidh daoine a thacaigh le Comhairle Oibrithe Uladh a bhí ag briseadh an dlí. Chomhthacaigh a cuntas leis an gcur síos ar imeachtaí cosúla i dtuairisc Robert Fisk a scríobhadh do lucht féachana Sasanach.

  *Déan caighdeán an fhreagra a mharcáil ar scála aistritheach as 10 marc:*
  Sármhaith = 9-10 marc An-mhaith = 7-8 marc Maith = 5-6 mharc
  Réasúnta = 3-4 mharc Lag = 0-2 mharc 10M

***4. Comhthéacsú (40 marc)***

Cén fáth a raibh Comhaontú Sunningdale agus an feidhmeannas comhroinnte cumhachta 1973-1974 chomh conspóideach sin?

I gceist 4, tosaítear le marcáil de réir ailt.

**Marc Carnach** = Uasmharc 24 marc **Meastóireacht Fhoriomlán** = 16 marc ar a mhéad

**Marc Carnach (MC)**

Marcanna iad seo a bhronntar maidir le hábhar staire atá cruinn agus bainteach le hábhar na ceiste a cuireadh.

Roinnfidh an scrúdaitheoir an freagra ina ailt nó a chomhionannas.

D'fhéadfadh sé go gcuimseodh alt nó a chomhionannas pointí dá leithéid seo:

- (i) Réamhrá ábhartha ina dtráchtar ar chúlra an cháis agus/nó ina leagtar síos na téarmaí agus ina mínítear an cur chuige;
- (ii) Eachtra, ré nó céim in ord na n-imeachtaí;
- (iii) Gné de thopaic/shaincheist, le tagairtí fíorasacha tacaíochta;
- (iv) Pointe in argóint nó plé, le tagairtí fíorasacha tacaíochta;
- (v) Míniú coincheapa nó téarma, le tagairtí fíorasacha tacaíochta;
- (vi) Líon ráitis fíorais shuntasacha, ábhartha, míniú nó trácht ar féidir, cé nach bhfuil siad nasctha ná ceangailte dá chéile, iad a chur san áireamh agus a mheas mar chomhionannas ailt;
- (vii) Alt nó achoimre mhaith chlabhsúir a mbeadh níos mó ag baint leis ná athrá díreach.

(Achoimre nach bhfuil ann ach athrá = uasmharc 4 mharc)

I ndiaidh an cheist a roinnt ina hailt nó a gcomhionannas, bronnfaidh an scrúdaitheoir marcanna do gach alt nó a chomhionannas mar seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| ***Sármhaith:*** | 11-12 mharc | Sárshaothar anailíse, léargais nó tráchtaireachta. Cuireadh in iúl go soiléir, cruinn agus faisnéis shubstaintiúil. |
| ***An-mhaith:*** | 8-10 marc | Ábhar an-mhaith, á chur i láthair go cruinn soiléir. |
| ***Maith:*** | 6-7 marc | Eolas fiúntach, á chur i láthair go maith. |
| ***Réasúnta.*** | 3-5 mharc | Eolas teoranta/ar éigean é á chur i láthair |
| ***Lag.*** | 0-2 mharc | Fánach/neamhábhartha/botúin thromchúiseacha. |

**Meastóireacht Fhoriomlán (MF)**

Agus marcanna MG á mbronnadh, cuirfidh an scrúdaitheoir san áireamh cé chomh maith agus a láimhseálann an t-iarrthóir an cheist a cuireadh. Beidh an tábla grádaithe a leanas i bhfeidhm:

| | |
|---|---|
| ***Sármhaith:*** | 14-16 marc |
| ***An-mhaith:*** | 11-13 marc |
| ***Maith:*** | 6-10 marc |
| ***Réasúnta:*** | 4-5 mharc |
| ***Lag:*** | 2-3 mharc |
| ***An-lag:*** | 0-1 mharc |

Agus marcanna MG á mbronnadh, níor cheart go mbeadh an scrúdaitheoir ag súil le freagraí níos iomláine ná 40% i gcomparáid leis na freagraí ar na ceisteanna níos faide maidir le topaicí i Roinn 2 agus i Roinn 3.

Leanann prionsabal seo na marcála de réir ailt (MC agus MG) ar aghaidh trí Roinn 2 agus 3. Tá an coibhneas MC go MG le fanacht mar 60/40 tríd an bpáipéar scrúdaithe.

***Roinn 2: ÉIRE agus***
***Roinn 3: EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR (300 marc)***

I Ranna 2 agus 3, iarrtar ar iarrthóirí freagra a thabhairt ar cheist staire. Marcálfar a bhfreagraí faoi dhá cheannteideal:

**Marc Carnach (MC)** bronnta maidir le hábhar staire atá cruinn agus ag baint le hábhar na ceiste a cuireadh.

Uasmharc MC = 60 marc.

**Meastóireacht Fhoriomlán (MF)** do chaighdeán an fhreagra ar an iomlán i gcomhthéacs na ceiste a cuireadh.

Uasmharc MF = 40 marc.

***An Fhreagra a Mharcáil***

Chun an freagra a mharcáil, rachaidh an scrúdaitheoir i ngleic leis an ábhar go neamhchlaonta maidir le raon na bhfreagraí bailí ar féidir bheith ag súil leo ó iarrthóir ag an leibhéal seo agus le tuiscint ar an raon eolais agus scileanna stairiúla a éilíonn an siollabas. Roinnfidh an scrúdaitheoir an freagra ina ailt nó a chomhionannas:

(i) Réamhrá ábhartha ina dtráchtar ar chúlra an cháis agus/nó ina leagtar síos na téarmaí agus ina mínítear an cur chuige;
(ii) Eachtra, ré nó céim in ord na n-imeachtaí;
(iii) Gné de thopaic/shaincheist, le tagairtí fíorasacha tacaíochta;
(iv) Pointe in argóint nó plé, le tagairtí fíorasacha tacaíochta;
(v) Míniú coincheapa nó téarma, le tagairtí fíorasacha tacaíochta;
(vi) Líon ráitis fíorais shuntasacha, ábhartha, míniú nó trácht ar féidir, cé nach bhfuil siad nasctha ná ceangailte dá chéile, iad a chur san áireamh agus a mheas mar chomhionannas ailt;
(vii) Alt nó achoimre mhaith chlabhsúir a mbeadh níos mó ag baint leis ná athrá díreach.

(Achoimre nach bhfuil ann ach athrá = uasmharc 4 mharc)

Bronnfaidh an scrúdaitheoir marcanna do gach alt nó a chomhionannas mar seo a leanas:

**Marc Carnach (MC)**(Uasmharc = 60 marc)

| | | |
|---|---|---|
| ***Sármhaith:*** | 11-12 mharc | Sárshaothar anailíse, léargais nó tráchtaireachta. Cuireadh in iúl go soiléir, cruinn agus faisnéis shubstaintiúil. |
| ***An-mhaith:*** | 8-10 marc | Ábhar an-mhaith, á chur i láthair go cruinn soiléir. |
| ***Maith:*** | 6-7 marc | Eolas fiúntach, á chur i láthair go maith. |
| ***Réasúnta:*** | 3-5 mharc | Eolas teoranta/ar éigean é á chur i láthair. |
| ***Lag:*** | 0-2 mharc | Fánach/neamhábhartha/botúin thromchúiseacha. |

**Meastóireacht Fhoriomlán (MF)** (Uasmharc = 40 marc)

| | |
|---|---|
| ***Sármhaith:*** 34-40 marc | Sármhaith sa chaoi a ndéileáiltear leis an gceist a cuireadh, go háirithe sa chás go léirítear foghlaim mhionghéar, léitheoireacht leathanréimseach, cumas anailíse nó tráchtaireacht fhorleitheadach. |
| ***An-mhaith:*** 28-33 marc | An-mhaith – ach gan é a bheith sármhaith – sa chaoi a ndéileáiltear leis an gceist a cuireadh, i.e. cruinn agus cuimsitheach. |
| ***Maith:*** 22-27 marc | Ar chaighdeán maith ó thaobh an chaoi a ndéileáiltear leis an gceist a cuireadh, ach gan é a bheith eisceachtúil maidir leis an eolas ná an tráchtaireacht a cuireadh ar fáil. |
| ***Réasúnta:*** 16-21 marc | Iarracht mheasartha ar an gceist a leagadh amach, ach tá lochtanna inaitheanta ann,<br>e.g.: clúdach neamhiomlán, sonraí nach mbaineann le hábhar, míchruinneas fíorasach. |
| ***Lag****:* 10-15 mharc | Go dona sa mhéid agus go dteipeann ar an iarrthóir an cheist mar a cuireadh í a fhreagairt, ach<br>fiúntas áirithe leis ina dhiaidh sin féin. |
| ***An-lag:*** 0-9 marc | Freagra an-lag nach bhfuil ann, ar an gcuid is fearr de, ach blúiríní eolais. |

Agus marcanna MG á mbronnadh, déanfaidh an scrúdaitheoir feabhas an fhreagra a mheas agus na gnéithe seo a leanas á gcur san áireamh de réir mar is cuí:

- Cá mhéad a léirigh an t-iarrthóir cumas anailís a dhéanamh ar na nithe a bhaineann leis an gceist a cuireadh (i.e. níos mó ná tuairisc reacaireachta sa fhreagra)?
- Cá mhéad a láimhseáil an t-iarrthóir an fhianaise a bhaineann le hábhar a chuireann bonn iontaofa faoina c(h)uid anailíse?
- Cá mhéad a léirigh an t-iarrthóir cumas cúis a chur i láthair agus a theacht ar lón tátail (i.e. an cheist mar a cuireadh í a fhreagairt)?

## ***ROINN 2: ÉIRE***

*Éire: Topaic 1*

**Éire agus an tAontas, 1815-1870**

1. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MF = 40

2. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MF = 40
   NÓTA: DHÁ ghné Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc MC = 50

3. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MF = 40

4. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MF = 40

*Éire: Topaic 2*

**Gluaiseachtaí ar son leasú polaitíochta agus sóisialta, 1870-1914**

1. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MF = 40

2. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MF = 40

3. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MF = 40
   NÓTA: TRÍ ghné (cén fáth + conas + toradh)
   Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc MC = 40
   Mura bhfuil ach DHÁ cheann, Uasmharc MC = 50

4. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MF = 40
   NÓTA: DHÁ ghné (CLG + Conradh na Gaeilge)
   Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc MC = 50

*Éire: Topaic 3*

**Ar thóir an fhlaithis agus tionchar na críochdheighilte, 1912-1949**

1. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MF = 40

2. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MF = 40

3. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MF = 40
   NÓTA: DHÁ ghné (Cosgrave + de Valera)
   Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc MC = 50

4. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MF = 40

*Éire: Topaic 4*

**Diaspóra na hÉireann, 1840-1966**

1. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MF = 40
   NÓTA: DHÁ ghné (iad siúd a d'fhan + iad siúd a d'fhág)
   Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc MC = 50

2. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MF = 40

3. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MF = 40
   NÓTA: DHÁ ghné (cén fáth + comhshamhlú)
   Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc MC = 50

4. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MF = 40

*Éire: Topaic 6*

**An rialtas, an geilleagar agus an tsochaí i bPoblacht na hÉireann, 1949-1989**

1. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MF = 40

2. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MF = 40

3. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MF = 40

4. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MF = 40
   NÓTA: DHÁ ghné (McQuaid + an Vatacáin II)
   Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc MC = 50

## *ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR*

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 1*
**An náisiúnachas agus foirmiú stát san Eoraip, 1815-1871**

1. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MF = 40
NÓTA: DHÁ ghné (1848 go ginearálta + cliseadh sa Ghearmáin)
Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc MC = 50

2. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MF = 40
NÓTA: DHÁ ghné (talmhaíocht + tionscal)
Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc MC = 50

3. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MF = 40

4. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MF = 40

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 2*
**Náisiúnstáit agus teannas idirnáisiúnta, 1871-1920**

1. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40

2. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40
NÓTA: DHÁ ghné (Impiriúlachas Nua + ardteannas san Eoraip)
Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc MC = 50

3. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40
NÓTA: DHÁ ghné Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc MC = 50

4. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 3*
**Deachtóireacht agus daonlathas san Eoraip, 1920-1945**

1. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40
NÓTA: Réimis (iolra) Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc MC = 50

2. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40

3. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40
NÓTA: DHÁ ghné (cogadh + síocháin)
Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc MC = 50

4. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40
NÓTA: DHÁ ghné Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc MC = 50

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 4*
**Easaontas agus athailíniú san Eoraip, 1945-1992**

1. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40
   NÓTA: DHÁ ghné Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc MC = 50

2. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40
   NÓTA: DHÁ ghné (fás eacnamaíoch + géarchéim ola)
   Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc MC = 50

3. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40
   NÓTA: DHÁ ghné (rath + teip)
   Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc CM = 50

4. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 5*
**Cúlú na hEorpa ó impireachtaí agus an toradh, 1945-1990**

1. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40
   NÓTA: DHÁ ghné (An Bhreatain + an India)
   Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc MC = 50

2. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40

3. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40
   NÓTA: Coilíneachtaí (iolra) Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc MC = 50

4. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 6*
**Na Stáit Aontaithe agus an domhan, 1945-1989**

1. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40

2. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40
   NÓTA: DHÁ ghné (An Chóiré + Cúba)
   Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc MC = 50

3. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40

4. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40
   NÓTA: DHÁ ghné (conas + tábhacht)
   Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc MC = 50

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2023

# SCÉIM MHARCÁLA

# STAIR
# An Nua-Aois Luath

# ARDLEIBHÉAL

***TUARASCÁIL AR AN STAIDÉAR TAIGHDE (TST)***
***(100 marc)***

***LÉIGH GACH RUD SULA MARCÁLANN TÚ AON NÍ!***

**PLEAN IMLÍNEACH (15 mharc)**

Foinsí a lua = 6 mharc Gnéithe eile = 9 marc

**Foinsí a lua**

Iarrtar trí fhoinse chuí a lua.

Gach foinse chuí a lua go cruinn = 2 mharc

**Údar + teideal amháin = 1 mharc**

**Mír eolais bhreise air sin mar fhianaise (m.sh.: foilsitheoir, dáta) = 1 mharc**

2 mharc x 3 = 6 mharc ar a mhéad le haghaidh trí fhoinse

N.B. 'Ní ghlacfar le gnáth-théacsleabhair scoile mar fhoinsí oiriúnacha chun críche an staidéir taighde.' RO/CNCM *Treoirlínte*, lch 14.

**Sainigh agus tabhair údar ar an ábhar staidéir atá molta agus na haidhmeanna agus an cur chuige atá beartaithe a aithint.**

An leagann an t-iarrthóir amach go soiléir an t-ábhar a bhfuil sé i gceist acu staidéar a dhéanamh air agus cén fáth? An leagann an t-iarrthóir amach aidhmeanna an staidéir agus an chaoi ar dóigh go mbainfear amach iad?

Maidir leis na trí chritéar, cé chomh maith is a éiríonn leis an iarrthóir an méid sin a dhéanamh go soiléir agus go stuama?

| ***Sainigh agus údar a thabhairt*** (uasmharc = 3 mharc) | ***Aidhmeanna a aithint*** (uasmharc = 3 mharc) | ***Cur chuige a aithint*** (uasmharc = 3 mharc) |
|---|---|---|
| An-mhaith = 3 | An-mhaith = 3 | An-mhaith = 3 |
| Maith = 2 | Maith = 2 | Maith = 2 |
| Réasúnta = 1 | Réasúnta = 1 | Réasúnta = 1 |

**MEASTÓIREACHT AR NA FOINSÍ (25 marc)**

Tagairt a dhéanamh do láidreachtaí agus/nó laigí na bhfoinsí agus léargas a thabhairt ar an mbaint atá ag na foinsí leis an ábhar.

Cé chomh maith is a éiríonn leis an iarrthóir an méid sin a dhéanamh go soiléir agus go stuama?

| | |
|---|---|
| Tagairt do GACH CEANN DE NA TRÍ fhoinse | ***Sármhaith:*** 22-25 marc<br>***An-mhaith:*** 17-21 marc<br>***Maith:*** 13-16 mharc<br>***Réasúnta:*** 9-12 mharc<br>***Lag:*** 0-8 marc |
| Gan ann ach tagairt do DHÁ fhoinse | ***Sármhaith:*** 15-17 marc<br>***An-mhaith:*** 12-14 mharc<br>***Maith:*** 9-11 mharc<br>***Réasúnta:*** 6-8 marc<br>***Lag:*** 0-5 mharc |
| Gan ann ach tagairt d'AON fhoinse amháin | ***Sármhaith:*** 8-9 marc<br>***An-mhaith:*** 6-7 marc<br>***Maith:*** 4-5 mharc<br>***Réasúnta:*** 2-3 mharc<br>***Lag:*** 0-1 mharc |

**AISTE FHADA (60 marc)**

Aiste stairiúil = 50 marc Athbhreithniú ar an bpróiseas taighde = 10 marc

D'fhéadfadh an próiseas taighde a bheith lárnach don aiste nó i láthair mar ghné ar leith.

Ba cheart an aiste stairiúil a mheas mar aonad agus marc as 50 a bhronn mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| ***Eolas stairiúil – 25 marc***<br>Críochnúil<br>Cruinn<br>agus ag baint leis an teideal | ***Sármhaith:*** 21-25<br>***An-mhaith:*** 16-20<br>***Maith:*** 11-15<br>***Réasúnta.*** 6-10<br>***Lag***: 0-5 |
| ***Scileanna taighde – 15 marc – Ar nós***<br>Taighde sách domhain léirithe<br>Úsáid na bhfoinsí<br>Plé cóir cothrom ar na ceisteanna | ***Sármhaith:*** 13-15<br>***An-mhaith:*** 10-12<br>***Maith:*** 7-9<br>***Réasúnta.*** 4-6<br>***Lag***: 0-3 |
| ***Cur i Láthair – 10 marc***<br>Litearthacht<br>Comhleanúnachas<br>Struchtúr | ***Sármhaith:*** 9-10<br>***An-mhaith:*** 7-8<br>***Maith:*** 5-6<br>***Réasúnta.*** 3-4<br>***Lag:*** 0-2 |

***Athbhreithniú ar an bpróiseas taighde (10 marc)***

Is féidir é seo a bheith mar chuid neamhspleách nó mar chuid lárnach den aiste.

Ba cheart don scrúdaitheoir athbhreithniú an phróisis taighde a mheas ina iomláine, agus marcanna a bhronnadh mar seo a leanas:

***Sármhaith:*** 9-10
***An-mhaith:*** 7-8
***Maith:*** 5-6
***Réasúnta:*** 3-4
***Lag:*** 0-2

***Roinn 1: CEIST BUNAITHE AR CHÁIPÉISÍ (CBC) (100 marc)***

***1. Léirthuiscint (20 marc)***

(a) Chun geataí na cathrach a chosaint lá agus oíche/mná agus páistí a ligean isteach go dtí an chathair mhúrtha sa chás go bhfuil siad faoi ionsaí, ach ba chóir d'fhir as na bruachbhailte a fanacht lasmuigh de bhallaí na cathrach/bhí an garda méadaithe faoi dhó i 1599... srl. 5M

(b) Ba chóir iad a thabhairt os comhair an Mhéara agus a chur in iúl a ngnó. 5M

(c) Chuir coill agus cnoic i gCill Mhantáin áiteanna folaigh ar fáil/ ní féidir eallach na reibiliúnach a dhíbirt/ tá bealaí isteach agus amach gann. 5M

(d) Caillteanas ar a n-earraí/caillteanas ar a saol. 5M

***2. Comparáid (20 marc)***

(a) Molann an dá dhoiciméad go raibh Baile Átha Cliath i mbaol ó reibiliúnaigh.

Doiciméad A

- Léiríonn doiciméad A an dóigh ar neartaigh cathair Bhaile Átha Cliath a gcosaint bliain ar bhliain. I 1599, mhéadaigh líon na ngardaí a bhí ag cosaint na bruachbhailte faoi dhó.
- Rinneadh soláthar ar chosaint na mban agus páistí.
- Bhí rochtain ar an chathair teoranta, go háirithe i rith na hoíche.
- Ba chóir "taifead a dhéanamh" ar Éireannach ar bith a tháinig isteach go Baile Átha Cliath.
- Ba chóir daoine amhrasacha ar bith a cheistiú os comhair an Mhéara.
- Bhí an chathair réidh chun í féin a chosaint agus d'ordaigh sí airm ar bith agus púdar gunna a choinneáil laistigh de bhallaí na cathrach, srl.

Doiciméad B

- Cuireann Cill Mhantáin "ceithre nó cúig mhíle" ó Bhaile Átha Cliath, foscadh ar fáil do na reibiliúnaigh laistigh de na coillte agus cnoic atá ann.
- Ba chóir do Bhaile Átha Cliath a bheith ar garda i gcónaí mar chuir na reibiliúnaigh na bruachbhailte faoi thine roimhe sin.
- Baineann reibiliúnaigh Chill Mhantáin leas as na hamanna atá Baile Átha Cliath gnóthach ag troid in aghaidh Aodh Ó Néill. Tarraingíonn na reibiliúnaigh "an diabhlaíocht is mó" nuair a fhágann fórsaí Sasanacha an chathair chun troid in aghaidh Ó Néill.

- Uaireanta cailleann na fir uaisle as Baile Átha Cliath a n-earraí agus uaireanta a shaol, srl.

*Marcáil gach doiciméad ar scála aistritheach as 5:*
Sármhaith = 5 mharc  An-mhaith = 4 mharc  Maith = 3 mharc
Réasúnta = 2 mharc  Lag = 0-1 mharc  10M

Freagra ag tagairt do cháipéis amháin = 5 mharc ar a mhéad

(b) Cuireann Doiciméad B na himeachtaí sa chomhthéacs níos leithne.

Doiciméad A:

- Is liosta de 'Rialacháin Shibhialta' atá i gceist le doiciméad A a dhíríonn ar conas ba chóir do Bhaile Átha Cliath é féin a chosaint, 1598-1600. Baineann na rialacháin le Baile Átha Cliath agus a mbruachbhailte amháin.
- Rialaítear rochtain ar an chathair, lá agus oíche, leis na "Éireannaigh" go léir a thagann isteach a thabhairt faoi deara agus a cheistiú uaireanta faoina ngnó.
- Tá an Méara ag iarraidh na hairm agus gunnaí go léir a choinneáil laistigh den chathair chun an chathair a chur ar a cumas í féin a chosaint.
- Tá an chathair chomh dírithe ar a gnóthaí féin go bhfuil cosc fiú ar "lucht déirce strainséartha"
- Níl míniú ar bith ar cad a bhfuil an t-éirí amach faoi nó cé atá páirteach ann.

Doiciméad B:

- Léiríonn doiciméad B gur mhothaigh Baile Átha Cliath go bhfuil siad i gcontúirt ó na reibiliúnaigh atá i bhfolach i gcoillte agus sléibhte Chill Mhantáin, ag léiriú go mothaíonn Baile Átha Cliath leochaileach roimh fhorbairtí níos faide ná teorainneacha na cathrach. Tá tagairt déanta d'ionsaithe coirloiscthe ar na bruachbhailte roimhe seo.
- Baineann doiciméad B le corraíolacha i mBaile Átha Cliath agus Cill Mhantáin ar éirí amach Thír Eoghain, a léiríonn feasacht ar imeachtaí in Éirinn go ginearálta, ní amháin i mBaile Átha Cliath.
- Tá an scríbhneoir buartha go bhfuil reibiliúnaigh Chill Mhantáin ag súil "lenár bhfórsaí a lagú" chun an lámh in uachtar a fháil orthu a chur ar chumas Thír Eoghain. Mar sin cuireann sé Baile Átha Cliath ar an gcomhthéacs is leithne de chogadh in Éirinn le linn tréimhse Chogaidh na Naoi mBliana.

*Marcáil gach doiciméad ar scála aistritheach as 5:*
Sármhaith = 5 mharc  An-mhaith = 4 mharc  Maith = 3 mharc
Réasúnta = 2 mharc  Lag = 0-1 mharc  10M

Freagra ag tagairt do cháipéis amháin = 5 mharc ar a mhéad

***3. Cáineadh (20 marc)***

(a) D’fhéadfaí pointí mar seo a leanas a bheith sa fhreagra:

- Is foinse phríomha iad na ‘Rialacháin Shibhialta um Chosaint na Cathrach’, 1558-1600, a sholáthraíonn fianaise ar choinníollacha sa chathair le linn Chogadh na Naoi mBliana, tréimhse thábhachtach i stair na hÉireann.
- Tugann na ‘Rialacháin Shibhialta’ eolas dúinn ar conas a rialú an chathair agus ar iarrachtaí oifigiúla chun a dhéileáil le héirí amach/cogadh in Éirinn.
- Léiríonn an fhorbairt bliain ar bhliain sna rialacháin, ar nós an méadú faoi dhó ar líon na ngardaí a bhí ag cosaint na bruachbhailte i 1599, an tionchar méadaithe ag an gcogadh ar Bhaile Átha Cliath.
- Tá an dearcadh oifigiúil ar “Éireannaigh” léirithe sna Rialacháin 1600. Ba chóir taifead a dhéanamh ar “Gach Éireannach” a thagann isteach sa chathair, agus “duine amhrasach” ar bith a cheistiú ag an Méara. Léiríonn seo an bhearna idir oifigigh na cathrach atá dílis do Shasana agus na Gaeil nach féidir muinín a bheith agat astu.
- Léiríonn na tagairtí ar airgead go raibh údaráis na cathrach ag iarraidh iad féin a shlánú ó chostais ar bith, agus is iad na “saoránaigh a sheasfaidh” an costas ar an chathair a chosaint agus gan cead a thabhairt ar “lucht déirce strainséartha” teacht isteach sa chathair, srl.

*Marcáil an freagra ar scála aistritheach as 10:*

| | | |
|---|---|---|
| Sármhaith = 9-10 marc | An-mhaith = 7-8 marc | Maith = 5-6 mharc |
| Réasúnta = 3-4 mharc | Lag = 0-2 mharc | 10M |

(b) D’fhéadfaí le hiarrthóirí argóint ar son/ in aghaidh dearcaidh go bhfuil doiciméad B cuspóireach. Déan measúnú ar an bhfreagra bunaithe ar chaighdeán na bpointí a rinneadh chun an tuairim a thugtar a thacú.

D’fhéadfadh pointí mar seo a leanas a bheith i gceist:

- D’fhéadfaí leis an iarrthóir iarracht ar cad a thuigeann sé/sí ar oibiachtúlacht a shainmhíniú, m.sh.cur síos cothrom ar imeachtaí/ iarracht gach taobh a thógáil san áireamh/ saoirse ó chlaonadh/ níl sé aontaobhach nó pearsanta/ eisiamh ar mhothúcháin pearsanta nó tuairimí, srl.
- Cuireann an doiciméad eolas fíorasach ar fáil ar stáit na hÉireann i 1598, lena n-áirítear go bhfuil éirí amach ag tarlú, go bhfuil Cill Mhantáin mar thearmann do reibiliúnaigh atá ag iarraidh ionsaí a dhéanamh ar Bhaile Átha Cliath, go bhfuil Tír Eoghain (Aodh Ó Néill) mar an príomh-reibiliúnach, srl.
- Tá cuma neamhchlaonta réasúnta ar an ton, leis an scríbhneoir ag léiriú go bhfuil “roinnt daoine” ag éirí amach i gCill Mhantáin, níl sé ag rá go bhfuil gach duine ag éirí amach.

- D’fhéadfaí le daoine eile a mhalairt a áitiú, ag baint úsáid as an abairt dheireanach chun a léiriú go ndéanann an scríbhneoireacht áibhéil ar an éirí amach atá ag cur isteach ar Bhaile Átha Cliath. Deir sé gur fhulaing “Na fir uaisle go léir” idir Baile Átha Cliath agus Cill Mhantáin ar “bhonn laethúil”.
- Is scríbhneoireacht ó thuairim duine dhílis de chuid Shasana í an scríbhneoireacht, ag déanamh tagairt dár “bhfórsaí” ag fágáil Baile Átha Cliath chun troid in aghaidh Tír Eoghain. Tá sé soiléir go bhfuil sé ag súil go mbeidh a thaobh in ann “déileáil go géar le Tír Eoghain”.

*Marcáil an freagra ar scála aistritheach as 10:*
Sármhaith = 9-10 marc An-mhaith = 7-8 marc Maith = 5-6 mharc
Réasúnta = 3-4 mharc Lag = 0-2 mharc 10M

***4 Comhthéacsú (40 marc)***

Cad iad na bealaí a d’athraigh Baile Átha Cliath le linn réimeas Eilís I?

I gceist 4, tosaítear le marcáil de réir ailt.
**Marc Carnach** = Uasmharc 24 marc **Meastóireacht Fhoriomlán** = 16 marc ar a mhéad

**Marc Carnach (MC)**
Marcanna iad seo a bhronntar maidir le hábhar staire atá cruinn agus ábhartha le hábhar na ceiste.

Roinnfidh an scrúdaitheoir an freagra ina ailt nó a chomhionannas.
D’fhéadfadh sé go gcuimseodh alt nó a chomhionannas pointí dá leithéid seo:

(i) Réamhrá ábhartha ina dtráchtar ar chúlra an cháis agus/nó ina leagtar síos na téarmaí agus ina mínítear an cur chuige;
(ii) Eachtra, ré nó céim in ord na n-imeachtaí;
(iii) Gné de thopaic/shaincheist, le tagairtí fíorasacha tacaíochta;
(iv) Pointe in argóint nó plé, le tagairtí fíorasacha tacaíochta;
(v) Míniú coincheapa nó téarma, le tagairtí fíorasacha tacaíochta;
(vi) Líon ráiteas fíorais suntasach, ábhartha, míniú nó trácht ar féidir, cé nach bhfuil siad nasctha ná ceangailte dá chéile, iad a chur san áireamh agus a mheas mar chomhionannas ailt;
(vii) Alt nó achoimre mhaith chlabhsúir a mbeadh níos mó ag baint leis ná athrá díreach.

(Achoimre nach bhfuil ann ach athrá = uasmharc 4 mharc)

I ndiaidh na ceiste a roinnt ina hailt nó a gcomhionannas, bronnfaidh an scrúdaitheoir marcanna do gach alt nó a chomhionannas mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| ***Sármhaith:*** 11-12 mharc | Sárshaothar anailíse, léargais nó tráchtaireachta. Cuireadh in iúl go soiléir, cruinn agus faisnéis shubstaintiúil. |
| ***An-mhaith:*** 8-10 marc | Ábhar an-mhaith, á chur i láthair go cruinn soiléir. |
| ***Maith:*** 6-7 marc | Eolas fiúntach, á chur i láthair go maith. |
| ***Réasúnta.*** 3-5 mharc | Eolas teoranta/ar éigean é á chur in iúl. |
| ***Lag.*** 0-2 mharc | Fánach/neamhábhartha/botúin thromchúiseacha. |

**Meastóireacht Fhoriomlán (MF)**

Agus marcanna MG á mbronnadh, cuirfidh an scrúdaitheoir san áireamh cé chomh maith agus a láimhseálann an t-iarrthóir an cheist a cuireadh. Beidh an tábla grádaithe a leanas i bhfeidhm:

***Sármhaith:*** 14-16 marc

***An-mhaith:*** 11-13 marc

***Maith:*** 6-10 marc

***Réasúnta:*** 4-5 mharc

***Lag:*** 2-3 mharc

***An-lag:*** 0-1 mharc

Agus marcanna MG á mbronnadh, níor cheart go mbeadh an scrúdaitheoir ag súil le freagraí níos iomláine ná 40% i gcomparáid leis na freagraí ar na ceisteanna níos faide maidir le topaicí i Roinn 2 agus i Roinn 3.

Leanann an prionsabal seo na marcála de réir ailt (MC agus MG) ar aghaidh trí Ranna 2 agus 3. Tá an coibhneas MC go MG le fanacht mar 60/40 tríd an bpáipéar scrúdaithe.

**_Roinn 2: ÉIRE agus_**
**_Roinn 3: EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR (300 marc)_**

Sna Ranna 2 agus 3, iarrtar ar iarrthóirí freagra a thabhairt ar cheist staire. Marcálfar a bhfreagraí faoi dhá cheannteideal:

**Marc Carnach (MC)** bronnta maidir le hábhar staire atá cruinn agus ag baint le hábhar na ceiste a cuireadh.

Uasmharc MC = 60 marc.

**Meastóireacht Fhoriomlán (MF)** do chaighdeán an fhreagra ar an iomlán i gcomhthéacs na ceiste a cuireadh.

Uasmharc MF = 40 marc.

***An Fhreagra a Mharcáil***

Chun an freagra a mharcáil, rachaidh an scrúdaitheoir i ngleic leis an ábhar go neamhchlaonta maidir le raon na bhfreagraí bailí ar féidir bheith ag súil leo ó iarrthóir ag an leibhéal seo agus le tuiscint ar an raon eolais agus scileanna stairiúla a éilíonn an siollabas. Roinnfidh an scrúdaitheoir an freagra ina ailt nó a chomhionannas:

- (i) Réamhrá ábhartha ina dtráchtar ar chúlra an cháis agus/nó ina leagtar síos na téarmaí agus ina mínítear an cur chuige;
- (ii) Eachtra, ré nó céim in ord na n-imeachtaí;
- (iii) Gné de thopaic/shaincheist, le tagairtí fíorasacha tacaíochta;
- (iv) Pointe in argóint nó plé, le tagairtí fíorasacha tacaíochta;
- (v) Míniú coincheapa nó téarma, le tagairtí fíorasacha tacaíochta;
- (vi) Líon ráiteas fíorais suntasach, ábhartha, míniú nó trácht ar féidir, cé nach bhfuil siad nasctha ná ceangailte dá chéile, iad a chur san áireamh agus a mheas mar chomhionannas ailt;
- (vii) Alt nó achoimre mhaith chlabhsúir a mbeadh níos mó ag baint leis ná athrá díreach.

(Achoimre nach bhfuil ann ach athrá = uasmharc 4 mharc)

Bronnfaidh an scrúdaitheoir marcanna do gach alt nó a chomhionannas mar seo a leanas:

**Marc Carnach (MC)** (Uasmharc = 60 marc)

| | |
|---|---|
| ***Sármhaith:*** 11-12 mharc | Sárshaothar anailíse, léargais nó tráchtaireachta. Cuireadh in iúl go soiléir, cruinn agus faisnéis shubstaintiúil. |
| ***An-mhaith:*** 8-10 marc | Ábhar an-mhaith, á chur i láthair go cruinn soiléir. |
| ***Maith:*** 6-7 marc | Eolas fiúntach, á chur i láthair go maith. |
| ***Réasúnta.*** 3-5 mharc | Eolas teoranta/ar éigean é á chur i láthair. |
| ***Lag.*** 0-2 mharc | Fánach/neamhábhartha/botúin thromchúiseacha. |

**Meastóireacht Fhoriomlán (MF)** (Uasmharc = 40 marc)

| | |
|---|---|
| ***Sármhaith:*** 34-40 marc | Sármhaith sa chaoi a ndéileáiltear leis an gceist a cuireadh, go háirithe sa chás go léirítear foghlaim mhionghéar, an-chuid léitheoireachta, cumas anailíse nó tráchtaireacht fhorleitheadach. |
| ***An-mhaith:*** 28-33 marc | An-mhaith – ach gan é a bheith sármhaith – sa chaoi a ndéileáiltear leis an gceist a cuireadh, i.e. cruinn agus cuimsitheach. |
| ***Maith:*** 22-27 marc | Ar chaighdeán maith ó thaobh an chaoi a ndéileáiltear leis an gceist a cuireadh, ach gan é a bheith eisceachtúil maidir leis an eolas ná an tráchtaireacht a cuireadh ar fáil. |
| ***Réasúnta:*** 16-21 marc | Iarracht réasúnta ar an gceist a cuireadh, ach tá fabhtanna inaitheanta,<br>m.sh.: clúdach neamhiomlán, sonraí neamhábhartha, earráidí fíorasacha. |
| ***Lag***: 10-15 mharc | Dona, sa dóigh a dteipeann sé na ceisteanna atá leagtha amach a fhreagairt, ach tá<br>roinnt tuillteanais aige. |
| ***An-lag:*** 0-9 marc | Freagra an-lag nach bhfuil ann, ar an gcuid is fearr de, ach blúiríní eolais. |

Agus marcanna MG á mbronnadh, déanfaidh an scrúdaitheoir feabhas an fhreagra a mheas agus na gnéithe seo a leanas á gcur san áireamh de réir mar is cuí:

- Cá mhéad a léirigh an t-iarrthóir cumas anailís a dhéanamh ar na nithe a bhaineann leis an gceist a cuireadh (i.e. níos mó ná tuairisc reacaireachta sa fhreagra)?
- Cá mhéad a láimhseáil an t-iarrthóir an fhianaise a bhaineann le hábhar a chuireann bonn iontaofa faoina c(h)uid anailíse?
- Cá mhéad a léirigh an t-iarrthóir cumas cúis a chur i láthair agus a theacht ar lón tátail (i.e. an cheist mar a cuireadh í a fhreagairt)?

***ROINN 2: ÉIRE***

*Éire: Topaic 1*

**Leasú agus Reifirméisean in Éirinn na dTúdarach, 1494-1558**

1. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40

2. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40
NÓTA: DHÁ ghné (Anraí VII + Éadbhard VI)
Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc CM = 50

3. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40
NÓTA: DHÁ ghné (pósadh + saol an teaghlaigh)
Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc CM = 50

4 Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40
NÓTA: DHÁ ghné (cén fáth + cé chomh mór is atá siad)
Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc CM = 50

*Éire: Topaic 3*

**An ríocht in aghaidh na coilíneachta – an streachailt don lámh in uachtar in Éirinn, 1603-1660**

1. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40

2. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40
NÓTA: DHÁ ghné (feachtas míleata + socrú talún)
Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc CM = 50

3. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40

4. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40

*Éire: Topaic 4*

**Cinsealacht choilíneachta á bunú, 1660-1715**

1. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40

2. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40

3. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40

4. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40

*Éire: Topaic 5*

**Coilíneacht v. An ríocht - teannas in Éirinn i lár an 18ú haois, 1715-1770**

1. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40
   NÓTA: DHÁ ghné
   Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc CM = 50

2. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40

3. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40
   NÓTA: DHÁ ghné (cad a bhí + cé chomh mór is atá siad)
   Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc CM = 50

4 Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40

*Éire: Topaic 6*

**Deireadh na ríochta Éireannaí agus bunú an Aontais, 1770-1815**

1. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40
   NÓTA: DHÁ ghné
   Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc CM = 50

2. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40

3. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40

4. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40
   NÓTA: DHÁ ghné
   Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc CM = 50

## *ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR*

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 1*
**An Eoraip ón Athbheochan go dtí an Reifirméisean, 1492-1567**

1. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40

2. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40
NÓTA: DHÁ ghné (daonnachas + na healaíona)
Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc CM = 50

3. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40
NÓTA: DHÁ ghné (polaitiúil + reiligiúnach)
Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc CM = 50

4 Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 2*
**Creideamh agus cumhacht: an pholaitíocht sa 16ú haois dhéanach, 1567-1609**

1. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40
NÓTA: DHÁ ghné (géarchéimeanna eacnamaíocha + Antuairp
Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc CM = 50

2. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40

3. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40

4. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40
NÓTA: DHÁ ghné
Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc CM = 50

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 3*
**Dul ar gcúl na Sean-Eorpa, 1609-1660**

1. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40

2. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40

3. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40

4. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 4*

**An Eoraip le linn ré Louis XIV, 1660-1715**

1. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40
   NÓTA: DHÁ ghné
   Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc CM = 50

2. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40

3. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40
   NÓTA: DHÁ ghné (Sobieski + Peadar Mór)
   Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc CM = 50

4 Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 5*

**Impireachtaí á mbunú, 1715-1775**

1. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40

2. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40
   NÓTA: DHÁ ghné
   Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc CM = 50

3. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40
   NÓTA: DHÁ ghné
   Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc CM = 50

4 Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 6*

**Impireachtaí faoi réabhlóid, 1715-1775**

1. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40
   NÓTA: DHÁ ghné (cad a bhí mar chúis + ról an Choiste)
   Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc CM = 50

2. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40
   NÓTA: DHÁ ghné (An Fhrainc + an Eoraip)
   Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc CM = 50

3. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40

4. Uasmharc MC = 60 Uasmharc MG = 40
   NÓTA: DHÁ ghné (cad a spreag + foirmeacha)
   Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc CM = 50

**Appendix 1**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos**.

## *Tábla 400 @ 10%*

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 400 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 10% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 300 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 301 - 303 | 29 |
| 304 - 306 | 28 |
| 307 - 310 | 27 |
| 311 - 313 | 26 |
| 314 - 316 | 25 |
| 317 - 320 | 24 |
| 321 - 323 | 23 |
| 324 - 326 | 22 |
| 327 - 330 | 21 |
| 331 - 333 | 20 |
| 334 - 336 | 19 |
| 337 - 340 | 18 |
| 341 - 343 | 17 |
| 344 - 346 | 16 |
| 347 - 350 | 15 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 351 - 353 | 14 |
| 354 - 356 | 13 |
| 357 - 360 | 12 |
| 361 - 363 | 11 |
| 364 - 366 | 10 |
| 367 - 370 | 9 |
| 371 - 373 | 8 |
| 374 - 376 | 7 |
| 377 - 380 | 6 |
| 381 - 383 | 5 |
| 384 - 386 | 4 |
| 387 - 390 | 3 |
| 391 - 393 | 2 |
| 394 - 396 | 1 |
| 397 - 400 | 0 |